

Tidy Towns Competition 2017

Adjudication Report

Centre: An Cheathru Rua	Ref: 1456
County: Galway	Mark: 244
Category: B	Date(s): 13/06/2017

	Maximum Mark	Mark Awarded 2016	Mark Awarded 2017
Community Involvement & Planning	60	33	35
Built Environment and Streetscape	50	33	35
Landscaping and Open Spaces	50	29	30
Wildlife, Habitats and Natural Amenities	50	15	15
Sustainable Waste and Resource Management	50	13	15
Tidiness and Litter Control	90	52	54
Residential Streets & Housing Areas	50	30	31
Approach Roads, Streets & Lanes	50	29	29
TOTAL MARK	450	234	244

Community Involvement & Planning / Rannpháirtíocht an Phobail & Pleanáil:

Cuireann an moltóir seo na mílte fáilte roimh An Cheathrú Rua chuig an Comortas Náisiúnta SuperValu na mBailte Slachtmhara do 2017. Gabhaim búiochas leat don bhfoirm iontrála agus go háirithe don léarscáil, na pictiúirí agus an cóip den Phlean Dúrla an Phobail Áitiúil a a bheidh mar chlár oibre agaibh go 2021. Thug an léarscáil lámhdhéanta an cabhair don mholtóir ag taisteal timpeall agus ag aimsiú na tograí éagsúla, maith sibh. Bhí beocht ar an mbaile an mhaidin a shroicheadar An Cheathrú Rua, agus na sráideanna lán de dhaltáí ag freastal ar na cúrsaí. Maidin shamhraidh a bhí againn agus an eileamh turasóireachta sa timpeallacht. D'eirigh linn cuairt a thabhairt ar gach a bhí luaite, agus sa bhreis ar sin. Tá tacaíocht den scoth á fháil ag an gcoiste agus borradh tagatha ar chúrsaí le blianta anuas, ach go háirithe sa chuid thiar den bhaile.

Built Environment and Streetscape / An Timpeallacht Thógtha agus Sráid-dreacha:

Taréis na forbartha le blianta anuas cruthaíodh meastachán de fhoirgnimh, cuid ar bhonn traidisiúnta agus cuid acu ar bhonn nua-aoiseach, le dearadh iontach suimiúil ag cuid acu, agus misniúil chomh maith ag briseadh le traidisiún. Ach fós is é an séipéal atá maorga agus suntasach ar an mbaile beag. Tá moladh fé leith ag dul do Acadamh a dhein athcóiú ar na foirgnimh i lár an bhaile agus a chuir leis na foirgnimh a bhí ann roimhe seo. Is breá linn an caighdeán atá cruthaithe ag an tírdhearcú agus troscán practiúil dos na daltaí, maraon le comharthaíocht den scoth. Tá crot maith ar Scoil Chuimsitheach an Phobail a bhí saor ó bhrúscair, ach ós rud é gur scoil lán aimseartha í bhíomar ag súil le bláthanna nach raibh le feiscint. Tá an clós an lom ach néata. Tá na foirgnimh faoi choimirce Udarás na Gaeltachta ar ard chaighdeán, glan, néata agus le timpeallacht mealltach. Tá raidhse de fhoirgnimh tríd an bhaile, cuid a sheasann amach ar nós An Cogaslann Agatha, Stáisiún Doiteáin, Comhar Creidmheasa, Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, Eurpus, Tigh Liam le h-earraí crua, Tigh Mhicí, agus An Crampán,

Landscaping and Open Spaces / Tírdhreachú agus Spásanna Oscailte:

Tá ardú ag an gcaighdeán sa chatagóir seo agaibh i mbliana agus tugtar aitheantas do chách as ucht an fheabhais tríd an bhaile. Tá na bairillí bláthanna ag an seipéal go deas sa suíomh seo. Tá locht ar an suíomh ag Teach Freda ag an gcúinne tábhachtach seo. Mealann suíomhanna mar seo brúscar agus dumpáil agus ní bheidh leigheas air go dtí go mbeidh forbairt déanta anseo. Is gá an eidhneán a ghearradh ag a bun mar thús. Tá crainn álainn ag teach príobháideach taobh leis an mbosca telefóin. Tá na crainn ag an gCreidmheas ag déanamh go maith, ach is gá an cuaille a baint de cheann acu, mar níl gá leis ag an bpointe seo. Tá na bláthcheapacha seo gan chúram maith agus cuid des na bláthanna gan uisce. An bhfuil foireann agaibh chun deileáil le heaspa uisce sa samhradh. Bhí cuid des na potaí an-tirim chomh maith. Chuamar chun na Páirce Shúgartha d'fheiscint agus is breá an áis í seo. Ard mholadh chomh chomh maith don phéinteireacht ar an bhfalla teorainn anseo. Tá forógra na

h-Éireann suite in áit dheas gar den Chreidmheas agus cuma deas ar. Tá crann sorbus (white beam) suite ina aonair ag an scoil náisiúnta taobh leis an teach caifé agus is crann iontach samplach é seo.

Wildlife, Habitats and Natural Amenities / Fíadhúlra, Gnáthóga agus Taitneamhachtaí Nádúrtha:

Tá deiseanna iontacha agaibh i gcónaí marcanna sa bhreis d'fháil sa roinn seo agus fanacht ag tagairt den bplean 2016-2019 atá cuimsitheach agus an dílis do fhealsúnacht an chomórtais. Is breá linn a thuiscint go bhfuair an plean seo cabhair ón gCromptán agus ón Leabharlann, dhá fhoinsé atá ag tabhairt cabhrach don bpobal ar bhonn leathan. Le linn na meastóireachta fuairéamar cabhair agus cúnaimh ón bhfoireann sa leabharlann, áit 'na raibh taispeántas bád ar siúl. Is maith go bhfuil sibh ag bailiú uisce in sna bairilí, maith sibh. Tuigeanmuid go bhfuil borradh tríd an tír i gcúrsaí siúlóide agus is maith go bhfuil sibhse páirteach sa bhorradh seo. Bhí an léiriú boird sa sráidbhaile ar shiúlóid sa cheantar. Moladh chomh maith do iarrachtaí ar an 'pollination'. Is maith go bhfuil teagmháil fiúntach agaibh le Comhairle Contae I daobh bainistiú acmhainní agus dramhaíola inbhuanaithe.

Sustainable Waste and Resource Management / Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe:

Maith sibh faoi'n obair atá eadar lámh leis na buidéal, suimiúil an méid a bhailigh sibh le haghaidh athchursála. Fiú leanúint leis an miotal caite a bhailiú le haghaidh athchursála, seans go bhfuil airgead le fáil as an gcomhlacht don gcoiste. Ná dearmad an-bhéim a cur ar uisce, fuinneamh agus iompar. N'fheadar an bhfuil "car pooling" ar siúl sa cheantar maguaird. Is maith linn an teagmháil atá agaibh leis an Siopa Beag faoi'n scéim athúsáide. I gcoitinne tá tuiscint leathan agaibh ar an obair seo agus is maith go bhfuil cabhair á fháil ó dhaoine aonair chomh maith leis na h-eagrais éagsula: ardú marcanna agaibh dá bharr.

Tidiness and Litter Control / Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair:

Mar is eol daoibh tá ard mharcanna ag dul sa chatagóir seo a bhaineann le slachtmhaireacht agus rialú brúscair. Sa bhfhoirm iontrála tá an cur síos déanta agaibh ar bhur iarrachtaí anseo agus ana chuid ama caite agaibh ag plé leis an bpobal agus le lucht scoile. Béim mhór á gcur agaibh chomh maith ar an mana Píoc Suas É. Bhí cuma dheas ghlan ar an tsráidbhaile lá na cuairte agus neart boscaí bruscair le feiscint, tríd an bhaile agus in áiteanna poiblí sa timpeallacht. Tá fadhb agaibh i lár an tsráidbhaile agus bruscair le feiscint ós comhair Tigh Freda, (lastuaidh den bhalla atá luaite cheana féin. Ar an mbealach isteach chuig An Cuain (a bhí dúnta) tá brúscar ag bailiú agus ag Bruach na Mara (féach thar an balla) tá tocht agus bun dumpála sa láthair seo. Glactar leis go bhfuil dúshlán sa bhreisle brúscar a smachtú le linn na gcoláistí samhraidh a bheith ag feidhmiú. La na cuairte bhí bruscair scaipthe lasmuigh den halla ag Coláiste Columba agus ag an gcúinne bhí an bosca brúscair lán ar 5 pm sa tráthnóna. Tríd is tríd bhí An Cheathrú Rua glan agus néata.

Residential Streets & Housing Areas / Sráideanna Cónaithe & Ceantair Tithíochta:

Ní gá a rá go bhfuil fadhb agus meath sa scéim tithíochta ag An Cuain agus cuma míshlachtmhar le feiscint anso. Tá ana chuid des na tithe seo folamh agus gan cúram. Ní aon ainm don eastát le feiscint, an bhfuil pleanna feabhais le fáil? Tá cart tréigthe anseo chomh maith. Ar chúis éigean níl morán le rá agaibh idtaobh tithíocht. Tá samplaí iontacha de phlandáil sa cheantar ag an Creidmheas agus an órd agus eagar le feiscint anseo. Ar bhonn aonair tá an caighdeán go maith ach tá cor teach anseo 's ansúd de dhíth ar fheabhasú. Tá na tithe saoire gar de Óstán An Cheathrú Rua go deas agus cuma deas néata ortha, agus tá órd maith ag An Fheadóg. Cuma deas ar an dtigh An Fraoch Bán, maith sibh.

Approach Roads, Streets & Lanes / Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:

Tá na bealaí isteach chun an bhaile go maith agus an córas bóithre go maith. Is maith linn an comharthaí falla cloch, agus moltar ceann a fhorbairt ar an mbealach isteach ó bhóthar Óstán an Dóilín. Bhí an t-adh ar an mholtóir seo dul go Trá an Dóilín. Murach go raibh leacht Eddie Delaney luaite sa bhfoirm agaibh ní bheadh aon leid agam go raibh an leacht seo ann corr ar bith. Moltar daoibh comhartha (fingerpost sign) a cur taobh leis an gceann don trá atá ann cheana féin. Is fiú go mór aitheantas a thabhairt don té a tháinig chun maireachtaint libh. Tá an bealach isteach ó Bhóthar an Chuilín go maith agus plandáil mealltach ar an mbealach seo.

Súntas Críce

Bhain mé an taitneamh as mo chuairt chuig An Cheathrú Rúa agus thaobhaigh an aimsir liom. Bhí borradh maith tríd an cheantar agus an éileamh ar lóistín dár ndóigh. Tá torthaí bhur iarrachtaí le feiscint anois, rud a thugann deis agus spreagadh daoibh treabhadh ar aghaidh. Is Gaeltacht bródúil í an ceantar seo agus í i dteideal cosaint agus forbairt, aitheantas agus cúram-go maire sibh.

Concluding Remarks: